Parlaimint na hEorpa
2019-2024

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

2021/0378(COD)

12.1.2023

TUAIRIM

ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

chuig an gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear pointe rochtana aonair Eorpach lena soláthraítear rochtain láraithe ar fhaisnéis atá ar fáil go poiblí maidir le seirbhísí airgeadais, le margaí caipitil agus leis an inbhuanaitheacht.
(COM(2021)0723 – C9-0434/2021 – 2021/0378(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Emil Radev

PA_Legam

LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile ar an gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta, mar an coiste atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

Leasú 1

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(2) Tá sé tábhachtach go mbíonn rochtain éasca ar shonraí chun gur féidir le cinnteoirí sa gheilleagar agus sa tsochaí cinntí fónta a dhéanamh a fhreastalaíonn ar fheidhmiú éifeachtúil an mhargaidh. Dá rollfaí amach spásanna coiteanna sonraí Eorpach in earnálacha ríthábhachtacha, lena n-áirítear an earnáil airgeadais, d'fhreastalófaí ar an gcuspóir sin. Tá an earnáil airgeadais ag dul faoi chlaochlú digiteach, a bhfuil coinne ann go leanfaidh an claochlú sin ar aghaidh sna blianta atá le teacht, agus ba cheart don Aontas tacú leis an gclaochlú sin, go háirithe trí airgeadas sonraíbhunaithe a chur chun cinn. Ina theannta sin, nuair a chuirtear maoiniú inbhuanaithe i gcroílár an chórais airgeadais, is bealach lárnach é chun aistriú glas gheilleagar an Aontais a bhaint amach. Ionas go n-éireoidh leis an aistriú glas trí airgeadas inbhuanaithe, tá sé fíor-riachtanach go mbeidh rochtain éasca ag infheisteoirí ar an bhfaisnéis a bhaineann le hinbhuanaitheacht gnólachtaí chun go mbeidh siad níos eolaí agus cinntí á ndéanamh acu faoi infheistíochtaí. Chun na gcríoch sin, ní mór feabhas a chur ar rochtain an phobail ar fhaisnéis airgeadais agus neamhairgeadais na n-eintiteas amhail cuideachtaí, gnólachtaí, institiúidí airgeadais. Is modh éifeachtúil é chun é sin a dhéanamh ar leibhéal an Aontais ardán láraithe, Ionad Eorpach Ilfhreastail Aonair ('ESAP'), a bhunú, lena dtabharfar	(2) Tá sé tábhachtach go mbíonn rochtain éasca ar shonraí chun gur féidir le cinnteoirí sa gheilleagar agus sa tsochaí cinntí fónta a dhéanamh a fhreastalaíonn ar fheidhmiú éifeachtúil an mhargaidh. Dá rollfaí amach spásanna coiteanna sonraí Eorpach in earnálacha ríthábhachtacha, lena n-áirítear an earnáil airgeadais, d'fhreastalófaí ar an gcuspóir sin. Tá an earnáil airgeadais ag dul faoi chlaochlú digiteach, a bhfuil coinne ann go leanfaidh an claochlú sin ar aghaidh sna blianta atá le teacht, agus ba cheart don Aontas tacú leis an gclaochlú sin, go háirithe trí airgeadas sonraíbhunaithe a chur chun cinn. Ina theannta sin, nuair a chuirtear maoiniú inbhuanaithe i gcroílár an chórais airgeadais, is bealach lárnach é chun aistriú glas gheilleagar an Aontais a bhaint amach. Ionas go n-éireoidh leis an aistriú glas trí airgeadas inbhuanaithe, tá sé fíor-riachtanach go mbeidh rochtain éasca ag infheisteoirí ar an bhfaisnéis a bhaineann le hinbhuanaitheacht gnólachtaí chun go mbeidh siad níos eolaí agus cinntí á ndéanamh acu faoi infheistíochtaí. Chun na gcríoch sin, ní mór feabhas a chur ar rochtain an phobail ar fhaisnéis airgeadais agus neamhairgeadais na n-eintiteas amhail cuideachtaí, gnólachtaí, institiúidí airgeadais. Is modh éifeachtúil é chun é sin a dhéanamh ar leibhéal an Aontais ardán láraithe, Ionad Eorpach Ilfhreastail Aonair ('ESAP'), a bhunú, lena dtabharfar

rochtain leictreonach ar an bhfaisnéis ábhartha uile.	rochtain leictreonach ar an bhfaisnéis ábhartha uile.

Leasú 2

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(2 a) Ós rud é go bhfuil gníomhartha reachtacha nua, amhail Rialachán XXX maidir le bannaí glasa Eorpacha, á gcaibidliú faoi láthair nó nach mór críochnaithe, ach nach liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo iad, ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún an Iarscríbhinn a thabhairt cothrom le dáta chun reachtaíocht nua-ghlactha a bhaineann le soláthar seirbhísí airgeadais, margaí caipitil agus inbhuanaitheacht a chur isteach.

Leasú 3

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(4) Maidir leis an bhfaisnéis atá le cur ar fáil go poiblí ar ESAP, ba cheart do chomhlachtaí bailithe í a bhailiú, comhlachtaí arna n-ainmniú chun an fhaisnéis a bhailiú a bhfuil na heintitis faoi oibleagáid í a chur ar fáil go poiblí. D'fhonn feidhmiú éifeachtúil ESAP a áirithiú, ba cheart do chomhlachtaí bailithe an fhaisnéis a chur ar fáil do ESAP i mbealaí uathoibrithe trí chomhéadan feidhmchláir aonair. Chun gur féidir an fhaisnéis a úsáid go digiteach, ba cheart d'eintitis an fhaisnéis sin a chur ar fáil i bhformáid ónar féidir sonraí a asbhaint atá oscailte nó i gcás ina gceanglaítear a	(4) Maidir leis an bhfaisnéis atá le cur ar fáil go poiblí ar ESAP, ba cheart do chomhlachtaí bailithe í a bhailiú, comhlachtaí arna n-ainmniú chun an fhaisnéis a bhailiú a bhfuil na heintitis faoi oibleagáid í a chur ar fáil go poiblí. D'fhonn feidhmiú éifeachtúil ESAP a áirithiú, ba cheart do chomhlachtaí bailithe an fhaisnéis a chur ar fáil do ESAP i mbealaí uathoibrithe trí chomhéadan feidhmchláir aonair. ***I gcás inar féidir, agus faoi réir chinneadh na mBallstát ábhartha, na comhlachtaí arna n-ainmniú*** chun ***an fhaisnéis a bhailiú a bhfuil na heintitis faoi oibleagáid í a chur***

leithéid le dlí an Aontais, i bhformáid atá inléite ag meaisín. I gcomparáid le formáidí ónar féidir sonraí a asbhaint, is éard atá i gceist le formáidí atá inléite ag meaisín formáidí comhaid atá struchtúrtha sa dóigh gur féidir le feidhmeanna bogearraí sonraí ar leith a shainaithint, a aithint agus a asbhaint astu gan dua, lena n-áirítear ráitis aonair fíoras, agus a struchtúr inmheánach. Chun a áirithiú go gcuirfidh na heintitis an fhaisnéis isteach san fhormáid cheart agus chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna teicniúla a d'fhéadfadh a bheith ag na heintitis, ba cheart do na comhlachtaí bailithe cúnamh a thabhairt do na heintitis sin.

ar fáil go poiblí, ba cheart a chur de churam orthu freisin an fhaisnéis a thíolactar go deonach a bhailiú. Chun gur féidir an fhaisnéis a úsáid go digiteach, ba cheart d'eintitis an fhaisnéis sin a chur ar fáil i bhformáid ónar féidir sonraí a asbhaint atá oscailte nó i gcás ina gceanglaítear a leithéid le dlí an Aontais, i bhformáid atá inléite ag meaisín. I gcomparáid le formáidí ónar féidir sonraí a asbhaint, is éard atá i gceist le formáidí atá inléite ag meaisín formáidí comhaid atá struchtúrtha sa dóigh gur féidir le feidhmeanna bogearraí sonraí ar leith a shainaithint, a aithint agus a asbhaint astu gan dua, lena n-áirítear ráitis aonair fíoras, agus a struchtúr inmheánach. Chun a áirithiú go gcuirfidh na heintitis an fhaisnéis isteach san fhormáid cheart agus chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna teicniúla a d'fhéadfadh a bheith ag na heintitis, ba cheart do na comhlachtaí bailithe cúnamh a thabhairt do na heintitis sin.

Leasú 4

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(5) Cé is moite den fhaisnéis i ndáil le seirbhísí airgeadais, le margaí caipitil agus le hinbhuanaitheacht nach mór a chur ar fáil go poiblí faoi dhlí an Aontais, d'fhéadfadh suim a bheith ag infheisteoirí, ag rannpháirtithe margaidh, ag comhairleoirí agus ag an bpobal i gcoitinne faisnéis eile a fháil is mian le heintiteas eile a chur ar fáil. D'fhéadfadh fonn a bheith ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide tuilleadh faisnéise a chur ar fáil go poiblí chun go mbeidís níos infheicthe d'infheisteoirí ionchasacha agus dá bhrí sin chun ***maoiniú*** a mhéadú agus deiseanna ***maoinithe*** a éagsúlú. Ina theannta sin, d'fhéadfadh fonn a bheith ar rannpháirtithe	(5) Cé is moite den fhaisnéis i ndáil le seirbhísí airgeadais, le margaí caipitil agus le hinbhuanaitheacht nach mór a chur ar fáil go poiblí faoi dhlí an Aontais, d'fhéadfadh suim a bheith ag infheisteoirí, ag rannpháirtithe margaidh, ag comhairleoirí agus ag an bpobal i gcoitinne faisnéis eile a fháil is mian le heintiteas eile a chur ar fáil. D'fhéadfadh fonn a bheith ar ***mhicrifhiontair agus ar*** fhiontair bheaga agus mheánmhéide tuilleadh faisnéise a chur ar fáil go poiblí chun go mbeidís níos infheicthe d'infheisteoirí ionchasacha agus dá bhrí sin chun ***cistiú*** a mhéadú agus deiseanna ***cistithe*** a éagsúlú. Ina theannta sin, d'fhéadfadh fonn a bheith ar

margaidh tuilleadh faisnéise a sholáthar ná an fhaisnéis atáthar a iarraidh de réir an dlí nó an fhaisnéis atáthar a iarraidh de réir dlí náisiúnta ach nach bhfuil ar fáil ar leibhéal an Aontais a chur ar fáil go poiblí chun go gcomhlánódh an fhaisnéis a sholáthrófaí don phobal ar leibhéal an Aontais. Dá bhrí sin ba cheart cead a bheith ag aon eintiteas faisnéis airgeadais, faisnéis a bhaineann le hinbhuanaitheacht agus aon fhaisnéis ábhartha eile a chur ar fáil ar ESAP. De bhun phrionsabal an íoslaghdaithe sonraí, ba cheart d'eintitis a áirithiú nach n-áirítear aon sonraí pearsanta, seachas i gcás gur cuid riachtanach iad na sonraí sin den fhaisnéis maidir lena ngníomhaíochtaí eacnamaíocha, lena n-áirítear i gcás ina mbíonn ainm an eintitis i gcomhthráth le hainm an úinéara. I gcás ina bhfuil sonraí pearsanta san fhaisnéis sin, ba cheart do na heintitis a áirithiú gur féidir leo, i leith nochtadh den sórt sin, muinín a chur i gceann de na forais dhleathacha phróiseála a leagtar amach in Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[26] .

[26] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

rannpháirtithe margaidh tuilleadh faisnéise a sholáthar ná an fhaisnéis atáthar a iarraidh de réir an dlí nó an fhaisnéis atáthar a iarraidh de réir dlí náisiúnta ach nach bhfuil ar fáil ar leibhéal an Aontais a chur ar fáil go poiblí chun go gcomhlánódh an fhaisnéis a sholáthrófaí don phobal ar leibhéal an Aontais. Dá bhrí sin ba cheart cead a bheith ag aon eintiteas faisnéis airgeadais, faisnéis a bhaineann le hinbhuanaitheacht agus aon fhaisnéis ábhartha eile a chur ar fáil ar ESAP. ***Eintitis a chuireann faisnéis isteach*** de ***bhonn deonach maidir le hinrochtaineacht ar ESAP, ba cheart iad a bheith freagrach as cáilíocht, iomláine, agus cruinneas na faisnéise sin. Ba cheart faisnéis a thíolacadh de mheon macánta agus fíorstaid cúrsaí a léiriú inti. De*** bhun phrionsabal an íoslaghdaithe sonraí, ba cheart d'eintitis a áirithiú nach n-áirítear aon sonraí pearsanta, seachas i gcás gur cuid riachtanach iad na sonraí sin den fhaisnéis maidir lena ngníomhaíochtaí eacnamaíocha, lena n-áirítear i gcás ina mbíonn ainm an eintitis i gcomhthráth le hainm an úinéara. I gcás ina bhfuil sonraí pearsanta san fhaisnéis sin, ba cheart do na heintitis a áirithiú gur féidir leo, i leith nochtadh den sórt sin, muinín a chur i gceann de na forais dhleathacha phróiseála a leagtar amach in Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[26].

[26] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

Leasú 5

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 12

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(12) Le ESAP ba cheart rochtain saor in aisce ***ar fhaisnéis*** a sholáthar ***d'úsáideoirí*** agus ***é*** a dhéanamh ***gan idirdhealú*** agus ba cheart a ***chur ar chumas na n-úsáideoirí sin faisnéis a*** chuardach, rochtain ***a fháil uirthi*** agus ***í*** a íoslódáil trí ESAP. Mar sin féin, nuair a chuirtear san áireamh an gá le ÚEUM a chosaint ó ualach airgeadais iomarcach i ndáil le costais a thabhaítear chun freastal ar riachtanais na ndian-úsáideoirí, más ann dóibh, ba cheart do ÚEUM a bheith in ann ioncaim a ghiniúint. Dá bhrí sin, de mhaolú ar an bprionsabal gur cheart rochtain saor in aisce ar fhaisnéis a bheith ag duine, ba cheart cead a bheith ag ÚEUM táillí arda a ghearradh as na seirbhísí áirithe sin, lena n-áirítear seirbhísí a bhfuil costais chothabhála arda i gceist leo de bharr na gcuardach ar mhéideanna móra faisnéise nó rochtain rialta ar ESAP. Mar sin féin, níor cheart aon táille a bheadh níos mó ná costas na seirbhíse dá bhforáiltear a ghearradh.	(12) Le ESAP ba cheart ***an*** rochtain saor in aisce ***agus gan idirdhealú chéanna*** a sholáthar ***do na rannpháirtithe gníomhacha uile sa mhargadh aonair Eorpach, lena n-áirítear infheisteoirí, tomhaltóirí, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, lucht acadúil*** agus ***ionadaithe na meán, ach gan*** a ***bheith teoranta dóibh, ar mhaithe lena gcuid oibre a*** dhéanamh agus ***a gcuid leasanna a bhaint amach.*** Ba cheart ***go mbeadh na húsáideoirí sin in ann an fhaisnéis*** a chuardach, ***a*** rochtain agus a íoslódáil trí ESAP. Mar sin féin, nuair a chuirtear san áireamh an gá le ÚEUM a chosaint ó ualach airgeadais iomarcach i ndáil le costais a thabhaítear chun freastal ar riachtanais na ndian-úsáideoirí, más ann dóibh, ba cheart do ÚEUM a bheith in ann ioncaim a ghiniúint. Dá bhrí sin, de mhaolú ar an bprionsabal gur cheart rochtain saor in aisce ar fhaisnéis a bheith ag duine, ba cheart cead a bheith ag ÚEUM táillí arda a ghearradh as na seirbhísí áirithe sin, lena n-áirítear seirbhísí a bhfuil costais chothabhála arda i gceist leo de bharr na gcuardach ar mhéideanna móra faisnéise nó rochtain rialta ar ESAP. Mar sin féin, níor cheart aon táille a bheadh níos mó ná costas na seirbhíse dá bhforáiltear a ghearradh.

Leasú 6

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 13

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(13) Le ESAP ba cheart feabhas a chur ar rochtain ar fhaisnéis lena n-áirítear sonraí pearsanta chun nuálaíocht shonraíbhunaithe san earnáil airgeadais a chur chun cinn, cuidiú le margaí caipitil a	(13) Le ESAP ba cheart feabhas a chur ar rochtain ar fhaisnéis lena n-áirítear sonraí pearsanta chun nuálaíocht shonraíbhunaithe san earnáil airgeadais a chur chun cinn, cuidiú le margaí caipitil a

chomhtháthú san Aontas Eorpach, infheistíochtaí a threorú chuig gníomhaíochtaí inbhuanaithe agus éifeachtúlachtaí a thabhairt do thomhaltóirí agus do ghnólachtaí. Mar sin féin, níor cheart a dhéanamh le ESAP feabhas a chur ach amháin ar rochtain a bheith ag duine ar na sonraí pearsanta sin nach mór iad a phróiseáil de bhun dhlí an Aontais, ná na sonraí pearsanta sin a phróiseáiltear ar bhonn deonach ar choinníoll go bhfuil foras dlíthiúil ann le haghaidh próiseála den sórt sin de bhun Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. I gcás aon phróiseáil ar shonraí pearsanta i gcomhthéacs faisnéis a sholáthar trí ESAP, ba cheart do na comhlachtaí bailithe, agus ÚEUM ina cháil mar oibreoir ESAP, a áirithiú go gcomhlíontar Rialachán (AE) 2016/679 agus Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[28].	chomhtháthú san Aontas Eorpach, infheistíochtaí a threorú chuig gníomhaíochtaí inbhuanaithe agus éifeachtúlachtaí a thabhairt do thomhaltóirí agus do ghnólachtaí. Mar sin féin, níor cheart a dhéanamh le ESAP feabhas a chur ach amháin ar rochtain a bheith ag duine ar na sonraí pearsanta sin nach mór iad a phróiseáil de bhun dhlí an Aontais, ná na sonraí pearsanta sin a phróiseáiltear ar bhonn deonach ar choinníoll go bhfuil foras dlíthiúil ann le haghaidh próiseála den sórt sin de bhun Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. I gcás aon phróiseáil ar shonraí pearsanta i gcomhthéacs faisnéis a sholáthar trí ESAP, ba cheart do na comhlachtaí bailithe, agus ÚEUM ina cháil mar oibreoir ESAP, ***is cuma cé acu*** a ***ghníomhaíonn sé mar rialaitheoir, mar chomhrialaitheoir nó mar phróiseálaí, a*** áirithiú go gcomhlíontar Rialachán (AE) 2016/679 agus Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[28]. ***Go háirithe, ba cheart do ÚEUM na prionsabail maidir le cosaint sonraí trí dhearadh agus mar réamhshocrú a chur san áireamh.***
[28] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).	[28] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

Leasú 7

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 14

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(14) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de ***Rialachán*** (AE) 2018/1725 agus thug sé ***a thuairim uaidh an [cuir isteach an dáta]***.	(14) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de ***Rialachán*** (AE) ***Uimh.*** 2018/1725 agus thug sé ***barúlacha foirmiúla an 19 Eanáir 2022***.

Leasú 8

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 16

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(16) Chun go mbeidh an fhaisnéis inchomparáide le himeacht ama, ba cheart rochtain a bheith ag úsáideoirí ar fhaisnéis a bhí ann roimhe seo. Dá bhrí sin, is gá a cheangal ar ESAP rochtain ar fhaisnéis a sholáthar le haghaidh tréimhse réasúnta ama a mhéid a bhfuil sí ag luí le forálacha eile is infheidhme de chuid dhlí an Aontais. Chun na críche sin, ba cheart do ÚEUM a áirithiú nach gcuirfear aon sonraí pearsanta ar fáil le haghaidh tréimhse nach faide ná mar is gá mar a dhéantar foráil maidir leo faoi dhlí an Aontais. Chun go gcuirfí ar chumas ÚEUM agus na gcomhlachtaí bailithe oibríocht ESAP a ullmhú, níor cheart le ESAP rochtain a sholáthar ach amháin ar an bhfaisnéis ***arna cur isteach*** ón 1 Eanáir 2024 ***ar aghaidh***.	(16) Chun go mbeidh an fhaisnéis inchomparáide le himeacht ama, ba cheart rochtain a bheith ag úsáideoirí ar fhaisnéis a bhí ann roimhe seo. Dá bhrí sin, is gá a cheangal ar ESAP rochtain ar fhaisnéis a sholáthar le haghaidh tréimhse réasúnta ama a mhéid a bhfuil sí ag luí le forálacha eile is infheidhme de chuid dhlí an Aontais. Chun na críche sin, ba cheart do ÚEUM a áirithiú nach gcuirfear aon sonraí pearsanta ar fáil le haghaidh tréimhse nach faide ná mar is gá mar a dhéantar foráil maidir leo faoi dhlí an Aontais. Chun go gcuirfí ar chumas ÚEUM agus na gcomhlachtaí bailithe oibríocht ESAP a ullmhú, níor cheart le ESAP rochtain a sholáthar ach amháin ar an bhfaisnéis ***atá ar fáil faoi láthair amhail*** ón 1 Eanáir 2024.

Leasú 9

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe a a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(a a) Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun na hIarscríbhinní a leasú

	chun liosta na ngníomhartha reachtacha a thabhairt cothrom le dáta tráth a thiocfaidh aon reachtaíocht nua a bhaineann le soláthar seirbhísí airgeadais, margaí caipitil agus inbhuanaitheacht i bhfeidhm.

Leasú 10

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Ní sholáthrófar le ESAP rochtain ar fhaisnéis arna cur isteach roimh an 1 Eanáir 2024.	***scriosta***

Leasú 11

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 7 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(7 a) na sainmhínithe i Rialachán (AE) 2016/679

Leasú 12

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Féadfaidh aon duine nádúrtha nó dlítheanach an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 1(1), pointe (b) a chur faoi bhráid comhlacht bailithe chun an fhaisnéis sin a chur ar fáil ar ESAP. Nuair a chuireann an duine nádúrtha nó dlítheanach an fhaisnéis sin isteach, déanfaidh siad na gníomhaíochtaí seo a leanas:	1. Féadfaidh aon duine nádúrtha nó dlítheanach ***atá ag gníomhú mar rannpháirtí i margadh AE*** an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 1(1), pointe (b) a chur faoi bhráid comhlacht bailithe chun an fhaisnéis sin a chur ar fáil ar ESAP. Nuair a chuireann an duine nádúrtha nó dlítheanach an fhaisnéis sin isteach, déanfaidh siad na gníomhaíochtaí seo a leanas:

Leasú 13

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe c a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(c a) i gcás inar féidir, a áirithiú go gcuirfear isteach aon fhaisnéis a chuirtear isteach go deonach san fhormáid a sholáthraítear i dteimpléid atá ann cheana a bhaineann leis an ngníomh reachtach ábhartha;

Leasú 14

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) a áirithiú nach n-áirítear aon sonraí pearsanta, cé is moite de chás inar cuid riachtanach den fhaisnéis iad na sonraí pearsanta maidir lena gníomhaíochtaí eacnamaíocha.	(d) a áirithiú nach n-áirítear aon sonraí pearsanta, cé is moite de chás inar cuid riachtanach den fhaisnéis iad na sonraí pearsanta maidir lena gníomhaíochtaí eacnamaíocha***, i gcomhréir le prionsabal an íoslaghdaithe sonraí***.

Leasú 15

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 2 – pointe c a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(c a) caighdeáin do na comhlachtaí bailithe a n-oibleagáidí faoi Airteagal 5(2), pointe (b) agus pointe (ba) a chomhlíonadh.

Leasú 16

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 2 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Cuirfidh Comhchoiste na nÚdarás Maoirseachta Eorpach na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme sin faoi bhráid an Choimisiúin faoi [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach ***3 bliana*** tar éis an teacht i bhfeidhm].	Cuirfidh Comhchoiste na nÚdarás Maoirseachta Eorpach na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme sin faoi bhráid an Choimisiúin faoi [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach ***2 bhliain*** tar éis an teacht i bhfeidhm].

Leasú 17

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	3 a. Eintitis a chuireann isteach faisnéis de bhonn deonach chuig an comhlacht bailithe, gníomhóidh siad de mheon macánta agus cinnteoidh siad go mbeidh an fhaisnéis cothrom, cruinn agus á nochtadh ar bhealach atá soiléir agus nach bhfuil míthreorach.

Leasú 18

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 3 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	3 b. Déanfar faisnéis a thabharfar don chomhlacht bailithe ar bhonn deonach a thíolacadh ar bhealach lenar féidir le húsáidóirí í a idirdhealú ó fhaisnéis a bhailítear ar bhonn éigeantach.

Leasú 19

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Ar an tairseach ghréasáin dá dtagraítear in Airteagal 7(1), pointe (a), foilseoidh ÚEUM liosta na gcomhlachtaí bailithe lena n-áirítear an fhaisnéis maidir le ***hAimsitheoir*** Aonfhoirmeach Acmhainne (URL) gach comhlachta bailithe.	Ar an tairseach ghréasáin dá dtagraítear in Airteagal 7(1), pointe (a), foilseoidh ÚEUM liosta na gcomhlachtaí bailithe lena n-áirítear an fhaisnéis maidir le ***hainm, seoladh, Ballstát tionscnaimhagus Aimsitheoir*** Aonfhoirmeach Acmhainne (URL) gach comhlachta bailithe.

Leasú 20

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 1 – pointe b – pointe ii

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(ii) tá na meiteashonraí mar a shonraítear de bhun mhír 6, pointe(d) ar fáil agus iomlán***;***	(ii) tá na meiteashonraí mar a shonraítear de bhun mhír 6, pointe(d) ar fáil agus iomlán***, agus ní choinneofar iad ach a fhad a dhéanfar an fhaisnéis lena mbaineann siad a stóráil.***

Leasú 21

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 1 – pointe f – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(f) déanfaidh siad a áirithiú go mbeidh an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 1(1) fós ar fáil do ESAP go ceann tréimhse 10 mbliana ar a laghad, mura sonraítear a mhalairt sna gníomhartha dlí dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 1(1). Ní choinneofar sonraí pearsanta san fhaisnéis arna cur isteach de bhun Airteagal 1(1) agus ní bheidh siad ar fáil go ceann tréimhse is faide ná 5 bliana, mura sonraítear a mhalairt sna gníomhartha dlí dá dtagraítear in Airteagal 1(1), pointe (a).	(f) déanfaidh siad a áirithiú go mbeidh an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 1(1) fós ar fáil do ESAP go ceann tréimhse 10 mbliana ar a laghad, mura sonraítear a mhalairt sna gníomhartha dlí dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 1(1). Ní choinneofar sonraí pearsanta san fhaisnéis arna cur isteach de bhun Airteagal 1(1) ***ar feadh tréimhse níos faide ná mar is gá*** agus ní bheidh siad ar fáil***, in aon chás,*** go ceann tréimhse is faide ná 5 bliana, mura sonraítear a mhalairt sna gníomhartha dlí dá dtagraítear in Airteagal 1(1), pointe (a).

Leasú 22

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 2 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. ***Diúltóidh*** na comhlachtaí bailithe an ***fhaisnéis*** arna cur isteach ag na heintitis i ngach ceann de na cásanna seo a leanas:	2. ***Tabharfar de chumhacht do*** na comhlachtaí bailithe ***scagadh a dhéanamh ar*** an ***bhfaisnéis*** arna cur isteach ag na heintitis i ngach ceann de na cásanna seo a leanas ***agus diúltú di***:

Leasú 23

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 2 – pointe b a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(b a) i gcás ina dtagann sé chun solais nach gcomhlíonann eintitis a gceanglais maidir le sonraí pearsanta a chur isteach mar a leagtar amach in Airteagal 3(1), pointe d, agus Airteagal 3(3).

Leasú 24

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Áiritheoidh eintitis cruinneas na faisnéise a chuireann siad faoi bhráid na gcomhlachtaí bailithe.	4. Áiritheoidh eintitis ***cáilíocht, iomláine agus*** cruinneas na faisnéise a chuireann siad faoi bhráid na gcomhlachtaí bailithe.

Leasú 25

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 6 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	6 a. Forbróidh Comhchoiste na nÚdarás Maoirseachta Eorpach nósanna imeachta a mbeidh sé mar aidhm acu comhoibriú idir comhlachtaí bailithe agus eintitis a éascú, go háirithe maidir le tairiscint agus aistarraingt faisnéise deonaí, agus lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, teimpléid ábhartha. Agus na nósanna imeachta seo á bhforbairt aige, tabharfaidh an Comhchoiste aird ar leith ar riachtanais fhiontair bheaga agus mheánmhéide.

Leasú 26

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Cuirfidh ÚEUM beartas slándála ríomhaireachta i bhfeidhm le haghaidh ESAP, ar beartas é atá éifeachtach agus comhréireach, agus áiritheoidh sé leibhéil iomchuí barántúlachta, infhaighteachta, sláine agus neamhshéanta i ndáil leis an bhfaisnéis arna cur ar fáil ar ESAP agus i ndáil le sonraí pearsanta a chosaint.	Cuirfidh ÚEUM beartas slándála ríomhaireachta i bhfeidhm le haghaidh ESAP, ar beartas é atá éifeachtach agus comhréireach, agus áiritheoidh sé leibhéil iomchuí barántúlachta, infhaighteachta, sláine agus neamhshéanta i ndáil leis an bhfaisnéis arna cur ar fáil ar ESAP agus i ndáil le sonraí pearsanta a chosaint. ***Déanfaidh ÚEUM athbhreithniú ar bhonn tréimhsiúil ar chúrsaí cibearshlándála agus beartas slándála teicneolaíochta faisnéise (TF) ESAP agus aird á tabhairt aige ar na treochtaí cibearshlándála atá ag teacht chun cinn san Eoraip agus go hidirnáisiúnta agus ar na forbairtí is déanaí.***

Leasú 27

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) tairseach ghréasáin ina bhfuil comhéadan soláimhsithe i dteangacha oifigiúla uile an Aontais chun rochtain ar an bhfaisnéis in ESAP a sholáthar;	(a) tairseach ghréasáin ina bhfuil comhéadan soláimhsithe***, agus aird á tabhairt ar riachtanais speisialta daoine faoi mhíchumas ó thaobh rochtana de,*** i dteangacha oifigiúla uile an Aontais chun rochtain ar an bhfaisnéis in ESAP a sholáthar;

Leasú 28

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Áiritheoidh ÚEUM go ndéanfar le ESAP foráil maidir leis na feidhmiúlachtaí dá dtagraítear i mír 1, pointí (e) agus (g) faoin 31 Nollaig 2025.	2. Áiritheoidh ÚEUM go ndéanfar le ESAP foráil maidir leis na feidhmiúlachtaí dá dtagraítear i mír 1, pointí (e) agus (g) faoin 31 Nollaig 2025. ***Tabharfaidh ÚEUM bearta teicniúla agus eagraíochtúla iomchuí isteach chun nochtadh iomarcach sonraí pearsanta tríd an tseirbhís íoslódála agus API a chosc. Cuirfidh ÚEUM coimircí breise ar fáil i gcás ina mbaineann nochtadh sonraí pearsanta tríd an tseirbhís íoslódála agus API le sonraí pearsanta de chineál an-íogair, amhail faisnéis a bhaineann le bearta riaracháin nó pionóis eile maidir le daoine nádúrtha.***

Leasú 29

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 3 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Féadfar cuardach a dhéanamh leis an bhfeidhm chuardaigh dá dtagraítear i mír 1; pointe (c) ar bhonn na meiteashonraí seo a leanas:	3. Féadfar cuardach a dhéanamh leis an bhfeidhm chuardaigh dá dtagraítear i mír 1; pointe (c) ar bhonn na meiteashonraí seo a leanas ***ar a laghad***:

Leasú 30

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Áiritheoidh ÚEUM go soláthrófar rochtain ar ESAP gan idirdhealú.	1. ***Chun trédhearcacht agus feidhmiú rianúil mhargaí caipitil AE a chur chun cinn,*** áiritheoidh ÚEUM go soláthrófar rochtain ar ESAP gan idirdhealú.

Leasú 31

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 4 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Chun críocha mhír 2, an dara fomhír, ***féadfaidh*** ÚEUM dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme a fhorbairt chun cineál agus méid na seirbhísí áirithe a bhféadfadh táillí a ghearradh astu agus struchtúr na dtáillí lena mbaineann a chinneadh.	4. Chun críocha mhír 2, an dara fomhír, ***déanfaidh*** ÚEUM dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme a fhorbairt chun cineál agus méid na seirbhísí áirithe a bhféadfadh táillí a ghearradh astu agus struchtúr na dtáillí lena mbaineann a chinneadh.

Leasú 32

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Comhlíonfaidh ÚEUM bailíochtaithe uathoibrithe chun comhlíonadh na faisnéise arna cur isteach ag na comhlachtaí bailithe a dheimhniú leis na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 5(1), pointe (b).	1. Comhlíonfaidh ÚEUM bailíochtaithe***, i gcás inar féidir ar bhealach*** uathoibrithe***,*** chun comhlíonadh na faisnéise arna cur isteach ag na comhlachtaí bailithe a dheimhniú leis na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 5(1), pointe (b).

Leasú 33

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 – mír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) áiritheoidh sé go mbeidh rochtain ar ESAP ***ar a laghad 95 % den am in aghaidh na míosa;***	(c) áiritheoidh sé go mbeidh rochtain ar ESAP ***seachas le linn tréimhsí cothabhála teicniúla riachtanaí.***

Leasú 34

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Ní stórálfaidh ÚEUM faisnéis ina bhfuil sonraí pearsanta cé is moite de phróiseáil uathoibrithe, idirmheánach agus neamhbhuan, lena n-áirítear stóráil na faisnéise sin a mhéid a bhfuil fíorghá leis chun rochtain a thabhairt ar fhaisnéis a sholáthróidh na comhlachtaí bailithe.	3. Ní stórálfaidh ÚEUM faisnéis ina bhfuil sonraí pearsanta cé is moite de phróiseáil uathoibrithe, idirmheánach agus neamhbhuan, lena n-áirítear stóráil na faisnéise sin a mhéid a bhfuil fíorghá leis chun rochtain a thabhairt ar fhaisnéis a sholáthróidh na comhlachtaí bailithe. ***Déanfaidh ÚEUM bearta teicniúla agus eagraíochtúla iomchuí freisin chun a áirithiú nach gcoinneofar an fhaisnéis ná nach gcuirfear ar fáil í ar feadh tréimhse is faide ná an tréimhse dá bhforáiltear i bpointe (f) d'Airteagal 5(1) den Rialachán seo.***

Leasú 35

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 – mír 2 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) líon na gcuairteoirí agus na gcuardach;	(a) Líon na gcuairteoirí***, na cuairteoirí uathúla san áireamh,*** agus na gcuardach;

Leasú 36

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 13 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Faoin [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta 5 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar fheidhmiú ESAP agus déanfaidh sé measúnú ar a éifeachtaí atá sé. Tuairisceoidh an Coimisiún do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le torthaí an athbhreithnithe seo.	Faoin [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta 5 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar fheidhmiú ESAP agus déanfaidh sé measúnú ar a éifeachtaí atá sé. ***Beidh forléargas ar na bearnaí sonraí atá in ESAP agus straitéis chun aghaidh a thabhairt orthu ag gabháil leis an athbhreithniú. Féadfar a áireamh san athbhreithniú freisin measúnú ar thionchar an Rialacháin seo ar shuíomh na n-eintiteas ar an margadh.*** Tuairisceoidh an Coimisiún do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le torthaí an athbhreithnithe seo.

NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

Teideal	lena mbunaítear ionad Eorpach ilfhreastail aonair lena soláthraítear rochtain láraithe ar fhaisnéis ábhartha atá ar fáil go poiblí maidir le seirbhísí airgeadais, le margaí caipitil agus le hinbhuanaitheacht
Tagairtí	COM(2021)0723 – C9-0434/2021 – 2021/0378(COD)
An Coiste Freagrach Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	ECON 14.2.2022
Tuairim ó Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	LIBE 14.2.2022
Rapóirtéir don tuairim Dáta an cheapacháin	Emil Radev 30.5.2022
Pléite sa choiste	10.10.2022
Dáta an ghlactha	12.1.2023
Toradh na vótála críochnaithí	+: 59 –: 0 0: 3
Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Abir Al-Sahlani, Malik Azmani, Vladimír Bilčík, Malin Björk, Vasile Blaga, Patrick Breyer, Saskia Bricmont, Joachim Stanisław Brudziński, Jorge Buxadé Villalba, Patricia Chagnon, Clare Daly, Lena Düpont, Lucia Ďuriš Nicholsonová, Laura Ferrara, Andrzej Halicki, Evin Incir, Sophia in ‘t Veld, Patryk Jaki, Marina Kaljurand, Fabienne Keller, Łukasz Kohut, Moritz Körner, Alice Kuhnke, Jeroen Lenaers, Juan Fernando López Aguilar, Lukas Mandl, Erik Marquardt, Nadine Morano, Javier Moreno Sánchez, Theresa Muigg, Maite Pagazaurtundúa, Paulo Rangel, Karlo Ressler, Isabel Santos, Birgit Sippel, Sara Skyttedal, Vincenzo Sofo, Tineke Strik, Ramona Strugariu, Yana Toom, Milan Uhrík, Tom Vandendriessche, Elena Yoncheva
Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Loucas Fourlas, Beata Kempa, Ondřej Kovařík, Alessandra Mussolini, Matjaž Nemec, Sira Rego, Thijs Reuten, Domènec Ruiz Devesa, Loránt Vincze, Petar Vitanov, Tomáš Zdechovský
Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Asim Ademov, Gunnar Beck, Isabel Benjumea Benjumea, Marian-Jean Marinescu, René Repasi, Antonio Maria Rinaldi, Mounir Satouri, Jörgen Warborn

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

59	+
ECR	Joachim Stanisław Brudziński, Patryk Jaki, Beata Kempa, Vincenzo Sofo
ID	Patricia Chagnon, Antonio Maria Rinaldi, Tom Vandendriessche
NI	Laura Ferrara
PPE	Asim Ademov, Isabel Benjumea Benjumea, Vladimír Bilčík, Vasile Blaga, Lena Düpont, Loucas Fourlas, Andrzej Halicki, Jeroen Lenaers, Lukas Mandl, Marian-Jean Marinescu, Nadine Morano, Alessandra Mussolini, Paulo Rangel, Karlo Ressler, Sara Skyttedal, Loránt Vincze, Jörgen Warborn, Tomáš Zdechovský
Renew	Abir Al-Sahlani, Malik Azmani, Lucia Ďuriš Nicholsonová, Sophia in 't Veld, Fabienne Keller, Moritz Körner, Ondřej Kovařík, Maite Pagazaurtundúa, Ramona Strugariu, Yana Toom
S&D	Evin Incir, Marina Kaljurand, Łukasz Kohut, Juan Fernando López Aguilar, Javier Moreno Sánchez, Theresa Muigg, Matjaž Nemec, René Repasi, Thijs Reuten, Domènec Ruiz Devesa, Isabel Santos, Birgit Sippel, Petar Vitanov, Elena Yoncheva
The Left	Malin Björk, Clare Daly, Sira Rego
Verts/ALE	Patrick Breyer, Saskia Bricmont, Alice Kuhnke, Erik Marquardt, Mounir Satouri, Tineke Strik

0	-

3	0
ECR	Jorge Buxadé Villalba
ID	Gunnar Beck
NI	Milan Uhrík

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh